Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2016**
**(OR. en)**

**11245/16**

**COASI 158**
**ASIE 61**
**CFSP/PESC 621**
**CSDP/PSDC 449**
**POLGEN 88**
**RELEX 637**
**DEVGEN 167**
**COHOM 100**
**JAI 677**
**CODRO 2**
**MIGR 138**
**COEST 195**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10997/16 |
| Ábhar: | An Afganastáin<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3482ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 18 Iúil 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin**

1. Formhuiníonn an Chomhairle an dara tuarascáil bhliantúil cur chun feidhme maidir le "Straitéis an Aontais Eorpaigh don Afganastáin don tréimhse 2014-2016 (féach an Iarscríbhinn). Léirigh tréimhse trí bliana de chomhordú feabhsaithe AE torthaí ar a bhféadfar cur leis an rannpháirtíocht idir AE agus na Ballstáit san Afganastáin. Rinneadh dul chun cinn sofheicthe i roinnt réimsí, ach ní dhearnadh dul chun cinn cothrom agus tá cúrsaí íogair go fóill féin. Mar gheall ar a íogaire atá cúrsaí, beidh cur chuige réalaíoch ag teastáil san fhadtéarma agus beidh cúnamh fadtréimhseach an phobail idirnáisiúnta ag teastáil, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta frithpháirtí.

2. Measann an Chomhairle, gur cheart, sna blianta atá amach romhainn, forbairt institiúidí na hAfganastáine a bheith mar sprioc straitéiseach uileghabhálach AE agus na mBallstát chun an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a chosaint agus chun dul chun cinn breise a dhéanamh chun stát Afganastánach a bheidh níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt i ndeireadh na dála. Ba cheart príomhchuspóirí na straitéise reatha a athnuachan, is é sin chun an tslándáil a chur chun cinn; an daonlathas a atreisiú; forbairt eacnamaíoch agus forbairt dhaonna a spreagadh; an smacht reachta a threisiú, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na héillitheachta, agus cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn go háirithe cearta na mban, lena n-áirítear i gcomhthéacs phróiseas na síochána agus leanúint den chomhrac i gcoinne thionscal na dtámhshuanach agus na ndrugaí. Ba cheart an ghné réigiúnach a chuimsiú sa straitéis agus ba cheart an tsolúbthacht a choinneáil sa straitéis chun freagairt mar is cuí do na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar chúrsaí san Afganastáin. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an imirce ina príomhthosaíocht do AE maidir leis an gcaidreamh ina iomláine atá aige leis an Afganastáin, ba cheart go bhféadfaí cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta san Afganastáin trí ghníomhaíochtaí AE.

3. Bunaithe ar an treoir sin, ba dhíol sásamh don Chomhairle é go ndéanfaí obair leantach maidir le "Straitéis reatha an Aontais Eorpaigh don Afganastáin don tréimhse 2014-16". Ba cheart don straitéis nua don tréimhse 2017-20 a bheith mar fhreagairt don Chreat Náisiúnta don tSíocháin agus don Fhorbairt de chuid na hAfganastáine atá beartaithe agus do Chláir Ghaolmhara Tosaíochta Náisiúnta na hAfganastáine – scéim a fhormhuineofar ag Comhdháil na Bruiséile maidir leis an Afganastáin (CBA). Ba cheart a chuimsiú sa straitéis cur chuige cuimsitheach agus na gealltanais fhrithpháirteacha a shainaithnítear sa Chreat don Fhéintuilleamaí tríd an gCuntasacht Fhrithpháirteach agus sa Chomhaontú Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt. Ba cheart díriú ar thorthaí nithiúla léi agus plean cur chun feidhme a áireamh inti lena sonraítear torthaí insroichte agus roinnt shoiléir comhordaithe an tsaothair ar fud AE agus na mBallstát, i gcreat ildeontóirí. Ba cheart féachaint inti ar fhéidearthachtaí a bhaineann le bogadh i dtreo scéim Clársceidealaithe Chomhpháirtigh i measc rannpháirtithe leasmhara Eorpacha. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle é dá mbeadh an straitéis nua réidh lena formhuiniú faoin gcéad ráithe de 2017.

4. Áitíonn AE ar Rialtas na hAfganastáine comhoibriú maidir lena náisiúnaigh a fhilleadh agus a athligean isteach, agus a gcearta daonna á n-urramú go hiomlán agus i gcomhréir le hoibleagáidí agus le gealltanais idirnáisiúnta. Is gné lárnach agus ríthábhachtach é sin den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach don Todhchaí, lena dtugtar aghaidh ar mhéadú an bhrú faoin imirce neamhrialta i gcomhthráth le tionscnaimh na mBallstát agus le comhaontuithe atá dírithe ar chomhar breise a bhaint amach maidir le hathligean isteach. Thabharfadh AE tacaíocht dó sin trí chúnamh maidir le hathimeascadh, chun cur le timpeallacht chuiditheach a chruthú trína bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do shaoránaigh na hAfganastáine sa tír.

5. Is díol sásaimh do AE na gealltanais a tugadh chun tacú le Fórsaí Náisiúnta um Chosaint agus Slándáil de chuid na hAfganastáine mar a fhormhuiníonn an Afganastáin agus tíortha a bheidh ag cur trúpaí ar fáil faoi Mhisean na Tacaíochta Diongbháilte ag cruinniú mullaigh ECAT i Vársá an 8/9 Iúil 2016.

6. Ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle ón 12 Bealtaine 2016, ag Comhdháil na Bruiséile maidir leis an Afganastáin, atá sceidealaithe don 4/5 Deireadh Fómhair agus a ndéanfaidh AE agus Rialtas na hAfganastáine comhóstáil uirthi, meastar go ndíreofar ar an méid seo a leanas

- dul chun cinn substainteach i gcothú stát agus institiúidí de chuid na hAfganastáine trí chur chun feidhme an chláir oibre don athchóiriú de chuid an Rialtais Aontachta Náisiúnta agus gealltanais nua nithiúla do na blianta atá amach romhainn a shainítear i gCreat nuashonraithe don Fhéintuilleamaí tríd an gCuntasacht Fhrithpháirteach;

- tacaíocht idirnáisiúnta i bhfianaise cistiú inbhuanaithe ag na leibhéil reatha nó i ngar dóibh go dtí 2020, agus éifeachtacht na cabhrach a mhéadú mar fhreagairt ar an gCreat Náisiúnta nua don tSíochaín agus don Fhorbairt de chuid na hAfganastáine agus ar ár gcomhpháirtíocht slándála bhuanseasmhach;

- tacaíocht réigiúnach le haghaidh próiseas polaitiúil i dtreo na síochána agus comhar eacnamaíoch trasteorann a athneartú.

7. Cuireann AE i bhfios gur dúshláin idirnasctha iad an tslándáil agus an fhorbairt inbhuanaithe i bpróiseas cothaithe stáit nach mór fíorthacaíocht pholaitiúil a bheith mar bhonn aige sa réigiún. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Afganastáin slán, cobhsaí agus rathúil chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a áirithiú sa réigiún trí chéile. Áitíonn AE ar na geallsealbhóirí réigiúnacha uile comhoibriú go gníomhach chun fíorphróiseas caibidlíochta a chur chun cinn atá dírithe ar thorthaí agus a bhfuil sé mar aidhm aige réiteach buanseasmhach a bhaint amach idir na páirtithe sa choinbhleacht, rud a chuirfidh bonn maith leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an rathúnas san Afganastáin agus sa réigiún trí chéile.

8. Is díol sásaimh do AE iarrachtaí comhordaithe chun tacú le Rialtas na hAfganastáine próiseas síochána atá fóinteach agus atá faoi stiúir agus faoi úinéireacht na hAfganastáine a chur chun cinn, arb é an t-aon dóigh inmharthana amháin é chun réiteach inbhuanaithe a fháil ar an gcoinbhleacht, agus spreagann AE na hiarrachtaí sin. Is díol sásaimh do AE na tionscnaimh chun timpeallacht chuiditheach a chruthú le haghaidh próiseas den sórt sin. Tá práinn le deireadh a chur leis an gcoinbhleacht armtha san Afganastáin agus is chun leasa gach duine atá ar tóir na forbartha agus na cobhsaíochta é sin a dhéanamh. Meabhraíonn AE na prionsabail ar cuid lárnach iad de chobhsaíocht sa réigiún agus níos faide amach:

(i) Ceannasacht, aontacht, sláine chríochach agus neamhspleáchas Phoblacht Ioslamach na hAfganastáine;

(ii) cineál cuimsithe na gcainteanna síochána faoi stiúir agus faoi úinéireacht na hAfganastáine lena ndéantar ionadaíocht do shaoránaigh uile na hAfganastáine agus dá leasanna dlisteanacha, lena n-áirítear ionadaíocht leordhóthanach ar mhná;

(iii) droim láimhe a thabhairt leis an bhforéigean agus le naisc leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta; agus

(iv) Bunreacht na hAfganastáine a urramú, lena n-áirítear a forálacha maidir le cearta an duine, go háirithe cearta na mban agus leanaí.

Ba cheart an toradh a bheadh ar phróisis den sórt sin a urramú agus ba cheart do gach gníomhaí réigiúnach agus an pobal idirnáisiúnta i gcoitinne tacú leis.

9. Áitíonn AE ar údaráis na hAfganastáine na hathchóirithe toghcháin is gá a áirithiú, go háirithe maidir le féilire a bhunú le haghaidh toghcháin pharlaiminteacha. Trí thoghcháin chuimsitheacha thrédhearcacha lena léirítear fíorthoil mhuintir na hAfganastáine, ba cheart cobhsaíocht pholaitiúil níos mó agus daonlathas inbhuanaithe a threisiú. Chuige sin, tá ríthábhacht le hiontaobhas agus le muinín a thabhairt ar ais i bpróiseas an athchóirithe toghcháin.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle gur reáchtáladh an dara hidirphlé áitiúil, i gCabúl ar an 1 Meitheamh 2016, idir an Afganastáin agus AE maidir le cearta an duine, inar leagadh béim ar ghealltanas leanúnach rialtas na hAfganastáine an staid maidir le cearta an duine a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme maidir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Rinneadh roinnt gealltanas nithiúil, lena n-áirítear ó thaobh chur chun feidhme an dlí maidir le Foréigean i gcoinne na mBan a Díothú, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den iarscríbhinn athbhreithnithe a ghabhann leis an gCreat don Fhéinthuilleamaí tríd an gCuntasacht Fhrithpháirteach.

11. Is ábhar imní don Chomhairle an staid dhaonnúil agus meabhraíonn sí a thábhachtaí atá sé an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú.

12. Tá AE fós tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na hAfganastáine chun an phóilíneacht shibhialtach a threisiú i ndiaidh chríochnú an mhisin póilíneachta EUPOL Afganastáin in 2016.

13. Léirigh an Chomhairle go bhfuil rún aici bogadh i dtreo an Chomhaontaithe Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt a shíniú in am do Chomhdháil na Bruiséile faoin Afganastáin.